Ealaíona na Gaeltachta

Lúnasa 2009

Eisithe ag Ealaín na Gaeltachta Teo,
Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.
(091) 503 100 ealain@udaras.ie



Ag Caint le Synge
le Dara Ó Conaola

An cuimhin leat
Leic an tinteáin teallaigh seo
I measc na nÁrannach
Ag éisteacht le glórtha sinseartha
Faoi dhraíocht ag niamharacht
A gcuid dán, iarsmaí bronnta
Ó ré eile
I do Dhomhan Thiar.

Is cuimhin leat
Mar bhí tú anseo, thú fhéin
I do shuí sa gclúid.

imeachtaí

OÍCHE CHULTÚRTHA 2009
25 Meán Fómhair: Imeachtaí ealaíne agus cultúrtha ar fáil saor in aisce ar fud na tíre. www.culturenight.ie

Cúige Mumhan

Ionad an Bhlascaoid, Dún Chaoin
8 i.n. gach Máirt
11 Lúnasa: Ceol traidisiúnta
Cuid 1: **Mícheál Herlihy & John Browne**. Cuid 2: **Séamus Ó Beaglaoich & Tim Edey**
18 Lúnasa: **Banna ceoil Benny O'Carroll**
25 Lúnasa: Sean-nós, ceol clasaiceach agus filíocht.
Eibhlín Ní Bheaglaoich agus a hiníon **Orna Loughnane** (víolodóir ó cheolfhoireann siansa).
Filíocht le **Micheál Ó Fionnáin**.
Táille €10: Eolas: (066) 9151082
(066) 9156444

Féile Scannán an Daingin
10-13 Meán Fómhair
Féile scannánaíochta idirnáisiúnta le blas Gaelach.



Beidh Séamus Ó Beaglaoich ag casadh le Tim Edey in Ionad an Bhlascaoid ar an 11 Lunasa

Féile Idirnáisiúnta Cheoil Aireagail,
28 Meán Fómhair–4 Deireadh Fómhair, Co Chiarraí. Ceol nua-chumtha agus nuálach. www.cmrl.ie

Imeachtaí Ionad Cultúrtha Baile Bhúirne, Co Chorcaí:
8 Lúnasa: Lab na Mainistreach, An Daingean. **Tríréad Prey** – snagcheol mar chuid de thuras faoi choimirce An Ghréasáin Cheoil Music Network
12 Meán Fómhair 8:30 i.n: **Sliabh Notes** – ceol traidisiúnta
Breis eolais: www.ionadculturtha.ie

Dún na nGall

Tá **Cló Ceardlann na gCnoc**, an eagraíocht físealaíne, ag reáchtáil cúrsaí samhraidh sna físealaíona ina mbarrionad físealaíne.
24–26 Lúnasa: **Fóta-Eitseáil** – "exploring polymer and photec etching" le hAoife McGarrigle. Eolas: cloceardlann@eircom.net
www.clo.ie 074 9162800

Féile Bhá Dhún na nGall agus na gCruach
29 Meán Fómhair–4 Deir. Fómhair
Féile idirnáisiúnta ilghnéitheach ealaíon le raon leathan imeachtaí ar fud dheisceart Thír Chonaill.
Eolas: www.donegalcoco.ie

Connacht/Laighin

Ceol na Locha
10-14 Lúnasa, Tuar Mhic Éadaigh, Co. Mhaigh Eo. Scoil Cheoil & Oidhreachta. Ceolchoirm-eacha, ranganna, léachtaí, damhsa, agus amhránaíocht.
Eolas: 087/8383077

Féile Chultúrtha an Dóilín
28-31 Lúnasa An Cheathrú Rua, Co na Gaillimhe. Féile ealaíne traidisiúnta agus comhaimseartha.
Eolas: 087-1378390

Imeachtaí Áras Éanna
Taispeántas na Míosa:
Pádraig Ó Raighne, péintéir.
8 Lúnasa: **Macalla**.
Grúpa ceoil traidisiúnta na mban "Fiche cúig bliain ag fás."
21 Lúnasa: 8.30i.n.
Ceol fidil le stíl Thír Chonaill. **Ciarán Ó Maonaigh** agus **Aidan O'Donnell**.
22 Lúnasa: 8.30i.n.
At the Racket Ceol i stíl na bhfichidí le banjo agus sacsafóin.



Beidh taispeántas ag an ealaíontóir Pádraig Reaney (thuas) in Áras Éanna, Inis Oírr

Éigse Dharach Uí Chatháin
9-11 Deireadh Fómhair:
Ráth Cairn. Féile amhránaíochta ar an sean-nós a cheiliúrann saol Dharach Uí Chatháin.
Eolas: rathcairn@eircom.net

Féile na Mí
13-15 Samhain:
Ráth Cairn. Comórtas amhránaíochta agus damhsa ar an sean-nós.
rathcairn@eircom.net

Imeachtaí Ionad Ealaíne Áras Inis Ghluaire, Béal an Mhuirthead
Eolas: www.arasinisgluaire.ie
097 81079

Áisitheoirí Ealaín na Gaeltachta
Connachta & Co. na Mí:
Muireann Ní Dhroighneáin
(091) 503220
m.nidhroighneain@udaras.ie
Mumha:
Eibhlín de Paor
(066) 9150100/(026) 45366
e.depaor@udaras.ie
Tír Chonaill:
Micheál Mac Aoidh
(074) 9560100 m.macaoidh@udaras.ie
Feidhmeannach Forbartha:
Micheál Ó Fearraigh
(074) 9560100 m.fearraigh@udaras.ie

Coinnígí súil amach do ríomhlitir mhíosúil Ealaín na Gaeltachta i gcomhair nuachta, deiseanna maoinithe, agus imeachtaí ealaíne náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Ná dearmadaigí teagmháil a dhéanamh linn ag **ealain@udaras.ie** má tá aon bhlúirín eolais agaibh ar mhaith libh a fhógairt, nó má tá aon chomhairle uaibh maidir le tionscnamh ealaíne a fhorbairt sa Ghaeltacht.

Meitheal Meidhreach

Tá taispeántas le ceathrar ealaíontóirí i Halla Chathardha Mhaigh Chromtha ar súil faoi láthair go dtí an 4 Meán Fómhair. Siad na healaíontóirí atá ag glacadh páirt ann Úna Ní Shé, atá ag cur fúithi i gCorca Dhuibhne, Luc Racine agus Robert Rasmaussen, atá lonnaithe i Múscraí le blianta anuas, agus an dealbhóir Don Cronin. Tagann an ceathrar ó chúlraí éagsúla ó thaobh na n-ealaíon agus ó thaobh an chultúir de. Tugann an éagsúlacht seo beocht agus fuinneamh iontach don gcomh-thaispeántas seo.

Tá an dánlann ar oscailt Máirt go Satharn 10rn–5.30in.

Le tacaíocht ó Scéim Forbartha na nEalaíon 2009

Tearmann athchúrsála

Tá an fís-ealaíontóir Helen Willems-Bogels, ag obair ar thionscnamh atá bunaithe ar chúrsaí athchúrsála i gCúil Aodha i láthair na huaire. Beidh úsáid á bhaint aici as 19,000 coinnle oíche atá bailithe aici. "Beidh mé á gcur le chéile mar struchtúr insealbhaithe ionas gur saghas 'Tearmann' a bheidh cruthaithe agam" a deir Helen "áit a bheidh ann ina mbeidh duine ábalta seasamh ina aonar laistigh den struchtúr. Áit ciúin, i bhfad ó shaol 'bruidiúil (gnóthach) an lae inniu".

Bhí pobal Mhúscraí idir dhaoine óga agus aosta i bpáirt le Helen chun na cásanna a ghearradh le cúpla mí anuas. Beidh an saothar seo maraon le taispeántas de nua-shaothar Helen á seoladh in Ionad Chultúrtha Bhaile Bhuirne, ar an Déardaoin, 3 Meán Fómhair.

Ríomhphost: wilbog.helen@gmail.com

Le tacaíocht ó Scéim Forbartha na nEalaíon 2009

An Chearnóg Éisteachta

Tá saothar nua-chumtha ag Fuinneamh comhlacht tairgeadh le Jennifer Ni Riordáin agus Zoe Ui Fhaoláin. Sé an caladh atá mar spreagadh an don saothar nua seo. Tá míreanna d'amhráin, scannáin, agus an focal labhartha fite fuaite trín bpíosa. Tá fuaimrian déanta as agallaimh a cuireadh ar mhuintir na h-áite, turasóirí, iascairí, srl. Beidh an saothar nua á chur os comhair an phobail ar an 18-19 Meán Fómhair in Amharclann an Beehive, Cúilín, An Daingean. Sé seo an tríú píosa déanta ag Fuinneamh.

'Mairnéalaigh' i mBéal Feirste

Tá an físealaíontóir Deirdre McKenna, ón Daingean go mór faoi thionchar an Aigéin Atlantaigh i gcaitheamh a saoil. Chuaigh an taithí a bhí aici ar thuras ar bord an Jeanie Johnston óna baile dúchais go Santiago de Compestela, na Spáinne go mór i gcion uirthi sa mbliain 2007. Ón taithí sin a músclaíodh agus a spreagadh an saothar is déanaí uaithi dar teideal 'Mairnéalaigh'. Beidh an taispeántas ar léargas i mBéal Feirste in Halla an Waterfront mar chuid den gceiliúradh a dhéanfar ar Dhúshlán na Loing Arda

Tá Scéim Sparánachta bronnta ar Dheirdre McKenna ó Ealaín na Gaeltachta.

Seimineár poiblíochta

Reachtáilfidh Ealaín na Gaeltachta a tríú Seimineár Poiblíochta dírithe orthu siúd atá ag obair in earnáil na n-ealaíon ar an Satharn 19 Meán Fómhair. Cuirfidh na ceardlanna seo treoir ar fáil d'ealaíontóirí agus do ghrúpaí ealaíne agus iad ag déileáil leis na meáin chumarsáide. Déanfar cur síos ar na slite is fearr le caidreamh a chothú le hiriseoirí ar leith agus le lucht na meán trí chéile. Leagfar béim ar riachtanais áirithe na n-ealaíontóirí agus na ngrúpaí ealaíon a bheidh ag freastal ar an seimineár.

Ar na haoi-chainteoirí beidh **Natasha Fennell**, stiúrthóir ar Stillwater Communications, **Tomás Hardiman**, stiúrthóir ar a chomhlacht léiriúcháin, Parzival Productions agus **Harry McGee**, iriseoir le The Irish Times.

Gearrfar táille €15 ar ealaíontóir aonair; €30 ar ghrúpa ealaíne. Ní mór áit a chur in áireamh roimh ré. Déan teagmháil le Muireann Ní Dhroighneáin a g 091/ 503100 nó r-phost m.nidhroighneain@udaras.ie

Máistir-ranganna do scríbhneoirí óga

Tá Ealaín na Gaeltachta i bpáirtnéireacht leis an gComhairle Ealaín, ag eagrú deireadh seachtaine de cheardlanna do scríbhneoirí óga a bhfuil féith na scríbhneoireachta léirithe acu. Is é an aidhm atá leis na ceardlanna, grúpa scríbhneoirí Gaeilge idir 18 agus 25 mbliana d'aois a thabhairt le chéile faoi stiúir scríbhneoirí aitheanta, agus an deis a thabhairt dóibh díriú ar shaothar a fhorbairt i measc a gcomhpháirtithe, i dtimpeallacht chuidiúil, spreagúil. Beidh na ceardlanna faoi stiúr na scríbhneoirí aitheanta, Louis de Paor agus Éilis Ní Dhuibhne agus reáchtálfar iad i dtearmann cruthaitheachta Chnoc Suain, sa Spidéal thar an deireadh seachtaine 23–25 Deireadh Fómhair 2009. Bronnfar an deis seo ar dheichniúr. Seol isteach C.V gearr maidir le do thaithí scríbhneoireachta, agus trí shampla de do shaothar. (prós nó filíocht) Roghnóidh painéal cáilithe an deichniúr a ghlacfaidh páirt sa deireadh seachtaine scríbhneoireachta.

Dé hAoine 28 Lúnasa an spriocdháta do na hiarratais. Tá eolas ar fáil ó Mhuireann Ní Dhroighneáin, Áisitheoir Ealaín, ag 091/503100; m.nidhroighneain@udaras.ie nó ón suiomh www.ealain.ie.

Scéim Caipitil Ceoil

Tugtar maoiniú faoi Scéim Chaipitil Ceoil 2009 d'ealaíontóirí aonair, buíon ceoil, bannaí ceoil, ceolfhoireann agus eagras a thugann tacaíocht agus ardán don cheol. Tá dhá chineál maoinithe ar fáil. Sa chéad réimse, bronntar deontas ar eagraíochtaí deonacha agus neamhphroifisiúnta chun uirlisí ceoil a cheannach. Tá ciste iomlán de €113,000 ar fáil i 2009 don chuid seo den scéim. Sa dara réimse, bronntar deontas ar cheoltóirí aonarach atá ag iarraidh uirlis cheoil ardchostasach a cheannach. Is í an 2 Samhain 2009 an spriocdháta.

Tuilleadh eolais ar fáil ón suíomh www.musicnetwork.ie. Is féidir teagmháil a dhéanamh le Music Network ag 01-6719429 nó capitalscheme@musicnetwork.ie

Iniúchadh cuimsitheach ar na hEalaíona Gaeltachta

Tá fógartha ag Ealaín na Gaeltachta, an áisíneacht a bhfuil forbairt agus cur chun cinn na n-ealaíon sa Ghaeltacht faoina cúram, go bhfuil siad ag tabhairt faoi iniúchadh cuimsitheach ar ealaíontóirí agus ar sholáthar ealaíon sa Ghaeltacht. Is é an cuspóir atá leis an iniúchadh ná staid na n-ealaíon mar atá faoi láthair a mheas agus eolas a bhailiú maidir le bonneagar, gníomhaíochtaí agus seirbhísí ealaíon sa Ghaeltacht. Beidh an t-eolas seo mar bhunús do phlean nua ealaíon don tréimhse 2011-2015. Is comhpháirtíocht í Ealaín (na Gaeltachta) idir An Chomhairle Ealaíon agus Údarás na Gaeltachta. Mhínigh Mary Cloake, Stiúrthóir na Comhairle Ealaíon, cé chomh tábhachtach is atá an tionscnamh seo:

"Ó bunaíodh Ealaín na Gaeltachta breis agus deich mbliana ó shin, tá fás mór tagtha ar na healaíona sa Ghaeltacht. Táimid anois ag breathnú ar aghaidh ar an gcéad deich mbliana eile atá romhainn agus le cinntiú go mbeidh ár gcéad phlean eile bunaithe ar riachtanais na n-ealaíontóirí agus na n-eagras ealaíon atá ag feidhmiú ar an talamh sa Ghaeltacht, teastaíonn a n-ionchur. Iarraimid orthu uile a bhíonn ag plé leis na healaíona sa Ghaeltacht glacadh leis an gcuireadh seo agus a bheith páirteach san iniúchadh."

Creideann Pádraig Ó hAoláin, Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta, gur céim thábhachtach é an t-iniúchadh seo i bpleanáil thodhchaí na nEalaíon sa Ghaeltacht:

"Cuireann ealaíontóirí agus na healaíona go mór le saol cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíochta na Gaeltachta. Is mar aitheantas do seo a thugann an tÚdarás tacaíocht d'Ealaín na Gaeltachta. Beidh torthaí an iniúchta seo an-luachmhar agus beifear in ann iad a úsáid mar threoirphlean d'fhorbairt na nEalaíon sa Ghaeltacht agus a chinntiú go gcoinneoidh na healaíona a mbeogacht agus a n-uathúlacht."

Is í Majella Ní Chríocháin, a bhfuil taithí na mblianta aici ag plé leis na healaíona, a bheidh i mbun an iniúchta neamhspléaigh seo.

Is féidir dul i dteagmháil le Majella ag 087 9776852 nó ag majnic@eircom.net más mian leat páirt a ghlacadh sa suirbhé.

Leanfar leis an iniúchadh san fhómhar, nuair a reáchtálfar sraith cruinnithe sa Ghaeltacht le healaíontóirí, le heagrais ealaíon agus leis an bpobal.

Puipéid Inse

Puipeadóir cónaitheach i mBunscoil Inis Meáin

Bhain gasúir Inis Meán an-tairbhe as togra ealaíne puipéid a reáchtáladh i Mí an Mheithimh, faoi stiúir an phuipeadóra Niamh Lawlor ó Phúca Puppets. Spreagadh samhlaíocht agus cumas na bpáistí ó thús go deireadh an tionscnaimh seo. Rinne siad puipéid láimhe as ábhair éagsúla . Próiseas nua a bhí ann do na páistí agus bhí na rannpháirtithe go léir ag foghlaim stór focal nua i rith na hoibre – iad ag fáil focail theicniúla, agus Niamh ag teacht ar nathanna cainte na Gaeltachta agus tuiscint ar chanúint an oileáin.

Bhain na páistí lántaitneamh as an obair ar fad, mar a léirigh Niamh. “Bhí iontas orm faoin méid ama a bhí siad sásta a chaitheamh ag déanamh na bpuipéad. Ní hamháin go raibh siadsan ag foghlaim uaim ach bhí mise ag foghlaim uathu chomh maith. Dúirt na múinteoirí liom go raibh siad sásta na páistí a fheiceáil ag tabhairt faoi dhúshlán nua agus gur mhúscail sé smaointe iontu.”

Baineadh úsáid as cluichí éagsúla chun aithne a chur ar na puipéid agus le cabhrú leo teacht ‘beo’. Chumadar drámaí éagsúla a raibh oidhreacht agus cultúr na háite le feiceáil go láidir iontu, ag úsáid ceamara digiteach. Spreag sé seo carachtair na bpuipéad, maraon le cumas scríofa, teanga agus tarraingte na bpáistí. Chur na páistí seó puipéid ar siúl do na tuismitheoirí agus aíonna eile ag deireadh an tionscadail. Tá an t-ealaíontóir, Niamh Lawlor, na páistí scoile, agus na múinteoirí, Orlaith Bhreathnach agus Emer Ní Cheidigh thar a bheith buíoch d’Ealaín na Gaeltachta as an deis seo a bheith ag obair as lámh a chéile.





Fís don Raidió

Chruthaigh an t-ealaíontóir Ceara Ní Chonbhaigh gaol le foireann, agus le grúpa mór de lucht éisteachta Raidió na Gaeltachta thar a tréimhse mar Ealaíontóir Cónaitheach i rith an tsamhraidh. Ba é an comhrá agus an próiseas oibre an rud ba dheise agus ba shuimiúla faoin dtogra. Rinne sí taisteal forleathan le castáil leis an lucht éisteachta a bhí scaipthe go náisiúnta, ag bailiú cuimhní cinn, tuairimí, agus taithí daoine ar an stáisiún.

“I mo chuid oibre féin feicim go bhfuil an comhrá agus an t-am a chaitheann mé leis an bpobal chomh tábhachtach leis an saothar críochnaithe ag an deireadh. Is ealaín é comhrá maith a bheith agat le duine, spás ina bhfuil beirt ag spreagadh a chéile le smaointe is le ceisteanna, agus rud éigin nua á roinnt acu, spás ina bhfuil éisteacht chomh tábhachtach le labhairt. Measaim go mbíonn an caidreamh seo ag tarlú, arís agus arís eile leis an raidió”, míníonn Ceara

Ceara Ní Chonbhaigh

Thug Ceara suntas do na leibhéil éagsúla a tháinig aníos agus í ag tabhairt faoin togra seo, do na bealaí a mothaíonn an duine agus iad ag labhairt teangacha éagsúla.

“Athraíonn an corp go fisiciúil, ach chomh maith leis sin athraíonn an nasc atá againn leis an nádúr, leis an bpobal, leis an mbealach a ngluaiseann muid agus an bealach a bhfeiceann muid. Is fuinneog í an teanga, bealach áirid le breathnú ar an saol.”

Rinne sí roinnt múnlaí de chluasa an lucht éisteachta mar chuid den phróiseas agus chaith sí roinnt ama ag breathnú ar an mbealach a n-oibríonn an fhoireann sa stáisiún. Is ansin a tháinig sí trasna ar na tonnta fuaime agus an chosúlacht atá idir iad agus méarloirg, íomhánna ar oibrigh sí leo le linn an tionscnaimh.

Tá an-spéis aici san ionadaíocht a dhéanann Raidió na Gaeltachta do phobal faoi leith, grúpa b’fhéidir a fheiceann agus a mhothaíonn an domhan ar bhealach áirithe toisc uathúileacht na teanga.

Beidh TG4 ag craolú cláir bunaithe ar thréimhse chónaitheach Cheara le Raidió na Gaeltachta, ó ‘Charna go Bearna’. Coinnigí súil amach dó.

Le tacaíocht ó Scéim Forbartha na nEalaíon 2009

Tídil Eidil Éró

Oidhreacht Chorca Dhuibhne

Seolfaidh Oidhreacht Chorca Dhuibhne pacáiste oideachais ar an amhránaíocht thraidisiúnta (leabhar + 2CD) go luath san fhómhar. Stór amhrán á gcanadh ag glúin óg de mhuintir Ghaeltacht Chorca Dhuibhne a bheidh le cloisteáil ar CD 1, agus guthanna cinn na muintire, a bhformhór ó chartlann RTÉ Raidió na Gaeltachta a bheidh ar CD 2. Beidh fáil ar chóid ilmheán ann chomh maith mar áis teagaisc is foghlama, ina mbeidh míreanna físe mar a gcífear Séamus Ó Lúing (Pound) agus Seán de hÓra (beirt atá ar shlí na fírinne) ag canadh do chomhluadar Oireachtais ó chartlann RTÉ 1972. Focail na n-amhrán le léaráidí ildaite, modheolaíocht agus treoracha don amhránaíocht is mó atá sa leabhar.

Cruthaíodh an pacáiste oideachais seo as saothrú cúig bliana faoi scáth an Togra Béaloidis i mBunscoileanna Chorca Dhuibhne, togra sainiúil curaclaim i réimse an bhéaloidis, a tionscnaíodh i mbunscoileanna Chorca Dhuibhne i 1991. Is í aidhm an togra gnéithe den insint bhéil thraidisiúnta áitiúil a shní go struchtúrtha le taithí oideachais aos óg na dúiche ar bhonn cruthaitheach, taitneamhach. Tá toradh an tsaothraithe á fhoilsiú ar deireadh thiar, ar mhaithe le cur chun cinn ealaíon bhéil na Gaeltachta ar scoil agus cois teallaigh, i gcóngar is i gcéin. D’eascair Rabhlaí Rabhlaí (1998) agus Scéilín ó Bhéilín (2003) as an mbranar dúchais seo cheana.

Tá Oidhreacht Chorca Dhuibhne, Baile an Fheirtéaraigh, Co. Chiarraí agus an tAonad Forbartha Curaclaim, Coláiste Mhuire Gan Smál, Ollscoil Luimnigh, i bpáirt le chéile sa chomhthionscnamh taighde agus forbartha seo, agus iad ag gníomhú i gcomhar le múinteoirí Chorca Dhuibhne, le healaíontóirí traidisiúnta Gaeltachta, agus le healaíontóirí comhaimseartha ilmheán chun na spriocanna a bhaint amach. Tá ról lárnach ag Áine Uí Laoithe (amhránaí cónaitheach) agus Máire Uí Shíthigh, (Stiúrthóir Oidhreacht Chorca Dhuibhne) ann.

Is é Dómhnal Ó Bric ealaíontóir an fhoilseacháin. Garry Ó Briain an stiúrthóir ceoil, agus Roibeard Ó Cathasaigh a chuir in eagar.

Tá tacaíocht fhial faighte ag an togra sainiúil seo ó DEIS (An Chomhairle Ealaíon), Scéim na bPríomhréimsí (Ealaín na Gaeltachta), RTÉ Raidió na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge.

Ceiliúradh Ceolmhar ar Ghlórtha Uladh

‘Oíche stairiúl’. B’shin maíomh an lucht féachana agus iad ag fágáil Ionad Cois Lúiche i nDún Lúiche, tar éis dóibh freastail ar an gceolchoirm speisialta ‘Glórthaí Uladh’. Is mar cheiliúradh ar thraidisiún agus ar oidhreacht an cheoil Ghaelaigh i gCúige Uladh a eagraíodh an cheolchoirm, áit ar tugadh dhá chór, Cór Thaobh a Leithead as Gaeltacht Thír Chonaill agus Cór Loch Laoi as Béal Feirste le chéile. Rinneadh ath-chóiriú ar 10 n-amhrán traidisiúnta as Cúige Uladh atá gradam agus urraim ag baint leo. Tugadh an 50 ‘glór’ le chéile i gcomhair le ceathairéad téadach, an lucht féachana faoi gheasa ceol aoibheann na gcláirseach, agus an amhránaíocht dhraíochta.

Bhí na ceoltóirí óga is fearr sa chontae páirteach sa cheolchoirm; sheinn na fidléirí Ciarán Ó Maonaigh, Theresa Kavanagh, Aidan Ó Dónaill agus Damien McGeehan i gcomhair le hAnna Houston a sheinn ar an dordveidhil. I measc na n-amhrán a casadh, bhí ‘Neansaí Mhíle Grá’, amhrán as Teileann, ‘An Cúilfhoinn’, amhrán as Tír Eoghain agus ‘Thíos i dTeach an Tórraimh’ amhrán atá coitianta i Rann na Féirste.

Chuaigh an ceol go mór i bhfeidhm ar an lucht éisteachta agus tugadh léargas úr ar shaibhreas agus ar éagsúlacht ár n-oidhreachta.

Bhí an tionscnamh seo faoi stiúir an cheoltóra agus an chumadóra Doimnic Mac Giolla Bhríde agus ba é a rinne an cóiriú úr ar na hamhráin. Coimisiún de chuid fhéile an Earagail a bhí sa cheolchoirm agus eagraíodh an ócáid i gcomhar le Tionscnamh Lugh.

Aonad na dTaibhealaíon

Cuireann Aonad na dTaibhealaíon, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ard-Dioplóma sa Drámaíocht ar fáil chomh maith leis an Dioplóma i gCóiriú agus Stáitsiú an Cheoil Thraidisiúnta. Is cúrsaí den scoth iad seo ar éirigh thar cinn leo anuraidh.

Tá breis eolais le fáil maidir leis an dá chúrsa ón suíomh www.acadamh.ie nó ón riarthóir Marianne, ar 087 9080194, nó Diarmuid ar 086 8139289.

Ríomhphost: Marianne.nichinneide@oegaillimh.ie, diarmuid.defaoite@oegaillimh.ie